


## Tomhais: Am – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

### Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi am?

Is scil saoil riachtanach é am a thacóidh le do pháistí a ngníomhaíochtaí saoil laethúla a thuiscint agus a bhainistiú agus a chumasóidh iad dul i ngleic go neamhspleách leis an tsochaí. Ós rud é gur coincheap teibí é an t-am tá sé riachtanach go n-úsáidfeadh tuismitheoirí tagairtí neamhfhoirmiúla don am ar bhonn laethúil. Is slí éifeachtach í seo foghlaim faoi am agus gnóthachtáil gach páiste a mhéadú. Nuair a dhéanann tuismitheoirí cur síos ar am imeachta, éiríonn páistí feasach ar amanna éagsúla ina saolta laethúla, m.sh., *rachaimid ag snámh ar 3i.n. inniu. Mairfidh sé ar feadh 30 nóiméad.*

#### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM

- Labhair le do pháiste faoi ghnáthaimh laethúla.
- Fiafraigh de do pháiste cén lá/mí/séasúr atá ann.
- Labhair faoi amanna ar an gclog. Fiafraigh “Cén t-am é ?” ar bhonn rialta.
- Léirigh amanna gníomhaíochtaí sa bhaile, m.sh., *traenáil pheile ar 6.30i.n. Dé hAoine.*
- Bain úsáid as féilire sa bhaile agus déan taifead ar bhreithlaethanta/coinní/imeachtaí air.
- Pléigh cá fhad go dtí a mbreithlá/go dtí ócáid speisialta.
- Iarr ar do pháiste codanna de scéal a athinsint/a chur in ord.
- Gníomhaíochtaí ama, m.sh., *30 nóiméad ag imirt cluichí.*
- Tarraing aird ar na hamanna a cheadaítear le haghaidh cócaireachta nó bÁCála, m.sh., *tógfaidh an t-arán 30 nóiméad le bÁCáil.*
- Spreag do pháiste chun amanna a chuardach don phictiúrlann. Cén t-am a thosaíonn an scannán? Cén t-am a bheidh sé thart?
- Bain úsáid straitéis ina gcomhairtear ar aghaidh chun amanna a ríomh: beidh an t-arán a bhácáilte i 30 nóiméad. Tá sé 5.45i.n. anois agus mar sin beidh sé réidh ag 6.15i.n.
- Úsáid amchláir bus/thraenach: Cén t-am a thiocfaidh an chéad bhus eile? An bhfuil patrún idir amanna bus?
- Bíodh do pháiste páirteach agus turais nó laethanta saoire á bpleanáil agat.
- Tabhair do pháiste isteach i ngníomhaíochtaí spráúla ina gcuireann tú am ar thascanna, m.sh., *cá mhéad léim in 1 nóiméad? Cá mhéad bloc is féidir leat cur i gceann a chéile in 60 soicind?*



#### LEABHAIR

- *Days of the Week*, Anna Milbourne, 4+ bliana d'aois
- *Tom and the Tinfal of Trouble*, Nick Sharratt and Stephen Tucker, 5+ bliana d'aois
- *What's the Time, Mr Wolf?*, Debi Gliori, 5+ bliana d'aois
- *Get up and Go!*, Stuart J. Murphy, 6+ bliana d'aois
- *Game Time*, Stuart J. Murphy, 7+ mbliana d'aois

\* Cuireann do leabharlann áitiúil raon leathan acmhainní ar fáil a thacaíonn le scileanna litearthachta agus uimhearthachta páistí a fhorbairt



#### CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Cártaí cúitimh d'am: Roghnaigh ceann ó chrúscá, m.sh., *am súgartha 20 nóiméad*
- Gníomhaíochtaí uainithe, m.sh., *10 nóiméad léitheoireachta*
- Borróga a bhácáil – 20 nóiméad san oigheann
- Searáidí
- Articulate
- Pictionary
- Cluiche boird 'The Cube'
- Déan féilire teaghlaigh míosúil agus taispeáin




## AG FOGHLAIM AR LÍNE

- Help My Kid Learn [www.helpmykidlearn.ie](http://www.helpmykidlearn.ie)
- Scoilnet <https://www.scoilnet.ie/ga/bunscoil/theme-pages/mathematics/>
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí [www.mathsweek.ie](http://www.mathsweek.ie)
- Maths Eyes <https://haveyogotmathseyes.com/>

*Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne: am, tomhais, foghlaim, bunscoil, matamaitic, clog analógach, clog digiteach, clog 12-uair, clog 24-uair, féilire, amchlár, sceideal, cluichí, gníomhaíochtaí*

## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Dear agus déan féilire teaghlaigh míosúil
- Déan uaineadóir gaineamh de dhéantús baile
- Déan clog analógach ó ábhair bhaile
- Déan cártaí biongó ama
- Déan clog bláth



## DO CHUID SMAOINTE FÉIN

